



C/2024/5800

7.10.2024

Ordú na Cúirte Ginearálta an 6 Lúnasa 2024 – Deutsche Pfand-bank v BRA

(Cás T-448/23) ⁽¹⁾

(Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta – Aontas Baincéireachta – Sásra Réitigh Aonair le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Ciste Réitigh Aonair (CRA) – Cinneadh BRA maidir le ríomh na ranníocaíochtaí ex ante le haghaidh 2023 – Airteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 – Gníomhaíocht a bhfuil bunús maith léi – Éifeachtaí an ordaithe a theorannú ó thaobh ama de)

(C/2024/5800)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Deutsche Pfand-bank AG (Garching, an Ghearmáin) (ionadaithe: F. Kruis agus N. Bartmann, Dlíodóirí)

Cosantóir: An Bord Réitigh Aonair (ionadaithe: J. Kerlin, C. Flynn agus T. Wittenberg, Gníomhairí, le cúnamh ó G. Coppo agus K. Bongs, Dlíodóirí)

Idiragraithe, mar thaca leis an gcosantóir: Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: J. Etienne agus G. Bartram, Gníomhairí, Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Haunold, A. Westerhof Löfflerová agus J. Bauerschmidt, Gníomhairí)

Ábhar

Trína chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh SRB/ES/2023/23 ón mBord Réitigh Aonair (BRA) an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh ranníocaíochtaí ex ante 2023 leis an gCiste Réitigh Aonair (CRA) ar neamhní, a mhéid a bhaineann an cinneadh sin leis an iarratasóir.

Ábhar

- 1) Cuirtear Cinneadh SRB/ES/2023/23 ón mBord Réitigh Aonair (BRA) an 2 Bealtaine 2023 maidir le ríomh ranníocaíochtaí ex ante 2023 leis an gCiste Réitigh Aonair (CRA) ar neamhní a mhéid a bhaineann sé le Deutsche Pfand-bank AG;
- 2) Déantar na héifeachtaí a eascraíonn ó Chinneadh SRB/ES/2023/23 a mhéid a bhaineann sé le Deutsche Pfand-bank go dtí go nglacfaidh an BRA na bearta is gá chun an t-ordú seo a chur chun feidhme, agus laistigh de thréimhse réasúnach ama nach féidir a bheith níos faide ná 6 mhí ón dáta a thiocthaí an t-ordú seo chun bheith críochnaitheach;
- 3) Ordaítear do BRA a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Deutsche Pfand-bank a íoc.
- 4) Ordaítear do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh a gcostais féin a íoc.

⁽¹⁾ IO C 329, 18.9.2023.